# Ceannasaí Ábhair

**Próifíl an Róil**

**A. Sonraí**

| | |
|---|---|
| Post: | Ceannasaí Ábhair |
| Grád: | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| Coibhéis Lánaimseartha: | Lánaimseartha – 5 lá sa tseachtain |
| Ag tuairisciú do: | An Stiúrthóir um Fhorbairt Straitéiseach |

**B. Forbhreathnú ar an Roinn agus ar Ról**

Stiúrann an Roinn Forbartha Straitéisí sa Chomhairle Ealaíon an eagraíocht maidir lenár straitéis chorparáideach, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas, agus tá sí freagrach as athruithe agus cláir a bhainistiú san eagraíocht tríd an oifig bainistithe clár.

Is ról nua don Chomhairle Ealaíon é an Ceannasaí Ábhair agus tá sé aitheanta mar chuid dár gclár leanúnach um chlaochlú gnó chun ár bpróisis iarratais ar mhaoiniú a chuíchóiriú agus a shimpliú.

Is am spreagúil é seo le bheith ag obair sa Chomhairle Ealaíon. Tháinig méadú faoi thrí ar líon na n-iarratas a phróiseálaimid in aghaidh na bliana le linn Covid, agus tháinig méadú faoi dhó beagnach ar ár maoiniú ón rialtas. Déanaimid bainistíocht anois ar 9,000 iarratas maoinithe in aghaidh na bliana ó ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon trínár suíomh Gréasáin seirbhísí ar líne.

Is é an aidhm atá againn leis an ról seo straitéis ábhair a chruthú don phróiseas iarratais ar mhaoiniú a fhaigheann tacaíocht ó rialú láidir ábhair ionas gur féidir linn tacú le hiarratasóirí iarratais ar ardchaighdeán a dhéanamh chuig an gComhairle Ealaíon.

Táimid ag lorg iarrthóir le smaointe atá in ann an ról a mhúnlú.

**C. Príomhfhreagrachtaí**

Mar Cheannasaí Oibríochtaí

- Straitéis ábhair a fhorbairt agus a sheachadadh chun ábhar maoinithe a bhainistiú
- Oibríochtaí ábhair a bhainistiú dár suíomh gréasáin d’iarratais ar líne
- Dea-chleachtas do rialachas ábhair a bhunú agus a dhaingniú chun a chinntiú go gcoinnítear caighdeán cáilíochta

- Oibriú le forbróirí chun na huirlisí bainistíochta ábhair a bharrfheabhsú chun foilsiú nótaí treorach, foirmeacha iarratais agus foirmeacha tuairiscithe a bhainistiú
- Foireann a oiliúint chun ábhar a chruthú agus a fhoilsiú
- Prótacail taighde a bhunú le haghaidh tástáil úsáideoir seachtrach
- Méadracht feidhmíochta a aithint chun tacú le feabhas leanúnach a chur ar ábhar maoinithe d'úsáideoirí
- Cinntiú go gcloíonn ábhar ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon le Rialacháin *(Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchláir Mhóibíleacha Chomhlachtaí na hEarnála Poiblí)* an Aontais Eorpaigh 2020

Mar Bhainisteoir:-

- Luachanna, fís agus misean na Comhairle Ealaíon a spreagadh;
- Rannchuidiú go gníomhach chun cuspóirí straitéiseacha na Comhairle Ealaíon agus an straitéis deich mbliana *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* a chur i gcrích;
- Bainistiú a dhéanamh ar shruthanna oibre iomadúla agus cúraimí a roinnt go héifeachtach
- Caidreamh láidir oibre a chothú ar fud na heagraíochta
- Féachaint le bealaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun oibriú go héifeachtach chun freastal ar chuspóirí;
- A bheith solúbtha agus toilteanach chun oiriúnaithe, agus rannchuidiú go deimhneach le cur i bhfeidhm an athraithe;
- A bheith freagrach agus cuntasach as cuspóirí comhaontaithe a sheachadadh;
- Foirne tionscadail a stiúradh trí shampla, daoine aonair a chur faoi oiliúint agus tacú leo de réir mar is gá;
- Deiseanna uasoiliúna agus traenála ar an láthair oibre a aithint agus a chur ar fáil de réir mar is cuí
- Cuspóirí soiléire agus éifeachtacha a leagan síos don fhoireann de réir spriocanna agus straitéis iomlán na Comhairle Ealaíon
- Bainistiú rathúil a dhéanamh ar raon tograí difriúla agus gníomhaíochtaí oibre ag an am céanna;
- Obair a tharmligean go héifeachtach, faisnéis agus fianaise shoiléir a sholáthar maidir leis an méid atá ag teastáil;
- Fócas láidir ar fheidhmíocht ard agus ar sheachadadh seirbhíse a chleachtadh agus a chur chun cinn;
- Rannchuidiú le cinnteoireacht straitéiseach nuair is gá;
- Caidrimh inmheánacha agus sheachtracha a chruthú agus a chothú;
- Cinntí soiléire tráthúla a dhéanamh maidir le saincheisteanna tábhachtacha de réir mar is gá.
- Aon dualgais eile ábhartha don Ghrád a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile

**D. Scileanna, Eolas agus Taithí**

- Cumas gach céim de shaolré an ábhair ar líne a bhainistiú lena n-áirítear cruthú, measúnú, nuashonrú agus athbhreithniú;
- Cumas sonraí a úsáid ar mhaithe le gnó a fheabhsú;
- Scileanna bainistiú tionscadal chun tionscadail dhúshlánacha le páirtithe leasmhara iomadúla a sheachadadh;
- Scileanna láidre cumarsáide, éascaithe agus tionchaireachta

- Dea-scileanna anailíseacha agus ag réiteach fadhbanna
- Cuntas teiste go dtí seo i mbainistiú oibríochtaí ábhair do shuíomhanna gréasáin móra agus casta;
- Taithí in úsáid modheolaíochtaí sofhreagracha chun athruithe a spreagadh;
- Tiomantas d'ardchaighdeáin seirbhíse poiblí;
- An cumas feidhmiú i nGaeilge, idir labhairt agus scríobh, inmhianaithe

**E. Cáilíochtaí:**

Beidh 3 bliana ar a laghad ag an iarrthóir rathúil, bunchéim go hidéalach, agus b'fhearr go mbeadh cáilíocht iarchéime nó ghairmiúil aige/aici i réimse ábhartha.